



Uimhir 37 de 2011

AN tACHT LEASA SHÓISIALAIGH, 2011

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.
2. Mínithe.

CUID 2

LEASUITHE AR NA hACHTANNA LEASA SHÓISIALAIGH

3. Sochar míthreorach.
4. Méadú i leith linbh cháilithe.
5. Pinsean Stáit (ranníocach) agus pinsean Stáit (idirthréimhse) — coinníollacha a ghabhann lena bhfáil.
6. Pinsean baintrí (ranníocach), pinsean baintrí fir (ranníocach) agus pinsean páirtnéara shibhialta mharthanaigh (ranníocach).
7. Teideal chun íocaíochta teaghlaigh aontuismitheora.
8. Sochar linbh — leasuithe.
9. Éilimh dhéanacha.
10. Sceideal 3 — leasuithe.
11. Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora — measúnú acmhainne.
12. Dícháiliú ó íocaíochtaí áirithe le linn páirt a ghlacadh i bhFostaíocht Phobail.
13. Dliteanas ÁSPC a leathnú go dtí luach saothair scairbhunaithe.
14. Deireadh a chur le faoiseamh ÁSPC fostóra ar ranníocaí pinsin fostaí.

[Uimh. 37.] *An tAcht Leasa Shóisialaigh, 2011.* [2011.]

CUID 3

LEASUITHE AR AN ACHT UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA, 1967

15. Leasú ar alt 29 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRÁITEAR

An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967	1967, Uimh. 21
An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1979	1979, Uimh. 7
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007	
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2010	2010, Uimh. 28
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 2010	2010, Uimh. 34
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2008	2008, Uimh. 2
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2010	2010, Uimh. 37
An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005	2005, Uimh. 26
An tAcht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2006	2006, Uimh. 5



Uimhir 37 de 2011

AN tACHT LEASA SHÓISIALAIGH, 2011

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA nACHTANNA
LEASA SHÓISIALAIGH AGUS DO LEASÚ NA
nACHTANNA UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA,
1967 GO 2007.

[19 Nollaig 2011]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht Leasa Shóisialaigh, 2011 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal,
forléiriú agus
comhlua.

(2) Léifear na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus *Codanna 1* agus 2 den Acht seo le chéile mar aon ní amháin.

(3) Léifear na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007 agus *Cuid 3* den Acht seo le chéile mar aon ní amháin agus féadfar na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2011 a ghairm díobh le chéile.

2.—San Acht seo—

Mínithe.

ciallaíonn “Acht 2010” an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2010;

ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005.

CUID 2

LEASUITHE AR NA hACHTANNA LEASA SHÓISIALAIGH

3.—(1) Leasaítear alt 75 den Phríomh-Acht—

Sochar míthreorach.

(a) i bhfo-alt (1), trí “nach lú ná 15 faoin gcéad ” a chur in ionad “nach lú ná 1 faoin gcéad ”,

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I gcás aon mheasúnú ar mhíthreoir—

- (a) más rud é gur roimh an 1 Eanáir 2012 a thosaigh an tréimhse a bheidh le cur i gcuntas leis an measúnú, nó
- (b) más rud é go ndearnadh measúnú sealadach, agus—
 - (i) gur roimh an 1 Eanáir 2012 a thosaigh an tréimhse tosaigh a bheidh le cur i gcuntas leis an measúnú, agus
 - (ii) gur ar an 1 Eanáir 2012 nó ina dhiaidh a thosóidh aon tréimhse dá éis sin a bheidh le cur i gcuntas leis an measúnú,

léifear fo-alt (1) amhail is dá gcuirfí ‘nach lú ná 1 faoin gcéad’ in ionad ‘nach lú ná 15 faoin gcéad’.”,

- (c) i bhfo-alt (2), trí “ba lú ná 15 faoin gcéad” a chur in ionad “ba lú ná 1 faoin gcéad”,

- (d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I gcás aon mheasúnú ar mhíthreoir—

- (a) más rud é gur roimh an 1 Eanáir 2012 a thosaigh an tréimhse a bheidh le cur i gcuntas leis an measúnú, nó
- (b) más rud é go ndearnadh measúnú sealadach, agus—
 - (i) gur roimh an 1 Eanáir 2012 a thosaigh an tréimhse tosaigh a bheidh le cur i gcuntas leis an measúnú, agus
 - (ii) gur ar an 1 Eanáir 2012 nó ina dhiaidh a thosóidh aon tréimhse dá éis sin a bheidh le cur i gcuntas leis an measúnú,

léifear fo-alt (2) amhail is dá gcuirfí ‘ba lú ná 1 faoin gcéad’ in ionad ‘ba lú ná 15 faoin gcéad’.”,

- (e) i bhfo-alt 10(a), trí “gur 15 faoin gcéad ar a laghad” a chur in ionad “gur 10 faoin gcéad ar a laghad”, agus

- (f) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (11):

“(11) (a) I gcás aon mheasúnú ar mhíthreoir, más rud é gur roimh an 1 Bealtaine 1990 a thosaigh an tréimhse atá le cur i gcuntas leis an measúnú, léifear fo-alt (10)(a) amhail is dá ndéanfaí an tagairt do ‘agus go measúnaítear gur 15 faoin gcéad ar a laghad agus 19 faoin gcéad ar a mhéid an méid míthreorach’ a scriosadh.

(b) I gcás aon mheasúnú ar mhíthreoir, más rud é gur ar an 1 Bealtaine 1990 nó ina dhiaidh ach roimh an 1 Eanáir 2012 a thosaigh an tréimhse atá le cur i gcuntas leis an measúnú, léifear fo-alt (10)(a) amhail is dá ndéanfaí tagairt do ‘agus go measúnaítear gur 10 faoin gcéad ar a laghad agus 19 faoin gcéad ar a mhéid an méid míthreorach’ a chur in ionad na tagartha do ‘agus go measúnaítear gur 15 faoin gcéad ar a laghad agus 19 faoin gcéad ar a mhéid an méid míthreorach’.”.

(2) Tioctaidh an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2012.

4.—(1) Leasaítear alt 77A (a cuireadh isteach le halt 6 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2010) den Phríomh-Acht—

Méadú i leith linbh cháilithe.

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Faoi réir fho-alt (3), maidir le haon mhéadú ar phinsean míthreorach is iníoctha faoi fho-alt (1)(b) i leith linbh cháilithe a chónaíonn go rialta leis an tairbhí agus le céile, páirtneír sibhialta nó comhchónaitheoir an tairbhí, beidh sé iníoctha de réir ráta ar leath den mhéid cuí é in aon chás nach aosach cáilithe céile, páirtneír sibhialta nó comhchónaitheoir an tairbhí agus léifear fo-alt (1)(b), agus beidh éifeacht leis, dá réir sin.”.

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) ná ní bheidh aon mhéadú ar phinsean míthreorach is iníoctha faoi fho-alt (1)(b) i leith linbh cháilithe a chónaíonn go rialta leis an tairbhí agus le céile, páirtneír sibhialta nó comhchónaitheoir an tairbhí iníoctha i gcás go bhfuil ioncam seachtainiúil an chéile, an pháirtneóra sibhialta nó an chomhchónaitheora sin, arna ríomh nó arna mheas ar an modh a bheidh forordaithe, níos mó ná an méid a bheidh forordaithe.”.

(2) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 102 (arna leasú le halt 26 d’Acht 2010)—

(i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Faoi réir fho-alt (3) agus (4), aon mhéadú ar shochar cúramóra is iníoctha faoi fho-alt (1) i leith linbh cháilithe a chónaíonn go rialta leis an tairbhí agus le céile, páirtneír sibhialta nó comhchónaitheoir an tairbhí, beidh sé iníoctha de réir ráta ar leath den mhéid cuí é agus léifear fo-alt (1), agus beidh éifeacht leis, dá réir sin.”.

agus

- (ii) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) ná ní bheidh aon mhéadú ar shochar cúramóra is iníoctha faoi fho-alt (1) i leith linbh cháilithe a chónaíonn go rialta leis an tairbhí agus le céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir an tairbhí iníoctha i gcás go bhfuil ioncam seachtainiúil an chéile, an pháirtnéara shibhialta nó an chomhchónaitheora sin, arna ríomh nó arna mheas ar an modh a bheidh forordaithe, níos mó ná an méid a bheidh forordaithe.

(4) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3) i gcás aon éilimh ar shochar cúramóra a dhéanfar roimh an 5 Iúil 2012.”

- (b) in alt 112 (arna leasú le halt 26 d’Acht 2010)—

- (i) i bhfo-alt (3), trí “Faoi réir fho-ailt (3A) agus (3B), aon mhéadú” a chur in ionad “Aon mhéadú”, agus

- (ii) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3) ná ní bheidh aon mhéadú ar phinsean Stáit (ranníocach) is iníoctha faoi fho-alt (2) i leith linbh cháilithe a chónaíonn go rialta leis an tairbhí agus le céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir an tairbhí iníoctha i gcás go bhfuil ioncam seachtainiúil an chéile, an pháirtnéara shibhialta nó an chomhchónaitheora sin, arna ríomh nó arna mheas ar an modh a bheidh forordaithe, níos mó ná an méid a bheidh forordaithe.

(3B) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3A) i gcás aon éilimh ar phinsean Stáit (ranníocach) a dhéanfar roimh an 6 Iúil 2012.”

- (c) in alt 117 (arna leasú le halt 26 d’Acht 2010)—

- (i) i bhfo-alt (3), trí “Faoi réir fho-ailt (3A) agus (3B), aon mhéadú” a chur in ionad “Aon mhéadú”, agus

- (ii) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3) ná ní bheidh aon mhéadú ar phinsean Stáit (idirthréimhse) is iníoctha faoi fho-alt (2) i leith linbh cháilithe a chónaíonn go rialta leis an tairbhí agus le céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir an tairbhí iníoctha i gcás go bhfuil ioncam seachtainiúil an chéile, an pháirtnéara shibhialta nó an chomhchónaitheora sin, arna ríomh nó arna mheas ar an modh a bheidh forordaithe, níos mó ná an méid a bheidh forordaithe.

(3B) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3A) i gcás aon éilimh ar phinsean Stáit (idirthréimhse) a dhéanfar roimh an 5 Iúil 2012.”

agus

(d) in alt 122 (arna leasú le halt 26 d’Acht 2010)—

- (i) i bhfo-alt (3), trí “Faoi réir fho-alt (3A) agus (3B), aon mhéadú” a chur in ionad “Aon mhéadú”, agus
- (ii) trí na fo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3) ná ní bheidh aon mhéadú ar phinsean easláine is iníoctha faoi fho-alt (2) i leith linbh cháilithe a chónaíonn go rialta leis an tairbhí agus le céile, páirtneír sibhialta nó comhchónaitheoir an tairbhí iníoctha i gcás go bhfuil ioncam seachtainiúil an chéile, an pháirtneóra sibhialta nó an chomhchónaitheora sin, arna ríomh nó arna mheas ar an modh a bheidh forordaithe, níos mó ná an méid a bheidh forordaithe.

(3B) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3A) i gcás aon éilimh ar phinsean easláine a dhéanfar roimh an 5 Iúil 2012.”

(3) Tiocfaidh fo-alt (2) i ngníomh—

- (a) a mhéid a bhaineann sé le míreanna (a), (c) agus (d), an 5 Iúil 2012, agus
- (b) a mhéid a bhaineann sé le mír (b), an 6 Iúil 2012.

5.—(1) Leasaítear alt 109 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I gcás duine a shlánaigh aois inphinsin roimh an 6 Aibreán 2002, léifear fo-alt (1) amhail is dá gcuirfí an coinníoll seo a leanas in ionad an choinníll i mír (b):

‘(b) ranníocaí cáilitheacha i leith 156 seachtaine ranníoca ar a laghad a bheith ag an éilitheoir ó theacht faoi árachas dó nó di.’”

agus

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) I gcás duine, seachas duine is ranníocóir saorálach an 6 Aibreán 1997 nó roimhe a íocann ranníocaí faoi Chaibidil 4 de Chuid 2, agus a mbeidh aois inphinsin slánaithe aige nó aici an 6 Aibreán 2002 nó dá éis, ach roimh an 6 Aibreán 2012, léifear fo-alt (1) amhail is dá gcuirfí an coinníoll seo a leanas in ionad an choinníll i mír (b):

‘(b) ranníocaí cáilitheacha i leith 260 seachtain ranníoca ar a laghad a bheith ag an éilitheoir ó theacht faoi árachas dó nó di.’”

Pinsean Stáit (ranníocach) agus pinsean Stáit (idirthréimhse) — coinníollacha a ghabhann lena bhfáil.

(2) Leasaítear alt 115 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I gcás duine a shlánaigh 65 bliana d’aois roimh an 6 Aibreán 2002, léifear fo-alt (1) amhail is dá gcuirfí an coinníoll seo a leanas in ionad an choinníll i mír (b):

‘(b) ranníocaí cáilitheacha i leith 156 seachtaine ranníoca ar a laghad a bheith ag an éilitheoir ó theacht faoi árachas dó nó di.’.”

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) I gcás duine, seachas duine is ranníocóir saorálach an 6 Aibreán 1997 nó roimhe a íocann ranníocaí faoi Chaibidil 4 de Chuid 2, agus a mbeidh 65 bliana d’aois slánaithe aige nó aici an 6 Aibreán 2002 nó dá éis, ach roimh an 6 Aibreán 2012, léifear fo-alt (1) amhail is dá gcuirfí an coinníoll seo a leanas in ionad an choinníll i mír (b):

‘(b) ranníocaí cáilitheacha i leith 260 seachtain ranníoca ar a laghad a bheith ag an éilitheoir ó theacht faoi árachas dó nó di.’.”

(3) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 6 Aibreán 2012.

Pinsean baintrí (ranníocach), pinsean baintrí fir (ranníocach) agus pinsean páirtnéara sibhialta mharthanaigh (ranníocach).

6.—(1) Leasaítear alt 125 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1) (arna leasú le halt 17 d’Acht 2010), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) go bhfuil ranníocaí cáilitheacha ag an mbaintreach, ag an mbaintreach fir nó ag an bpáirtnéir sibhialta marthanach i leith achair nach lú ná 260 seachtain ranníoca sa tréimhse dar tús an tráth a tháinig sé nó sí faoi árachas agus dar críoch an tráth díreach roimh an am iomchuí, agus”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I gcás go dtarlaíonn an dáta báis roimh an 27 Nollaig 2013, léifear fo-alt (1)(a) amhail is dá gcuirfí ‘156’ in ionad ‘260’.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 27 Nollaig 2013.

Teideal chun íocaíochta teaghlaigh aontuismitheora.

7.—(1) Leasaítear alt 173 (arna leasú le halt 25 den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2010) den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (4), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) beidh sí iníoctha ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí chomhleanúnacha ón dáta a scoirfeadh an duine sin, murach an fo-alt seo, de bheith i dteideal amhlaidh.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5B):

“(5B) Faoi réir fho-alt (5C), ní bheidh feidhm ag fo-ailt (4), (5) agus (5A) in aon chás ina scoirfidh duine, de bhua gur mó a thuilleamh seachtainiúil comhlán nó a thuilleamh seachtainiúil comhlán ná an méid a shonraítear chun críocha fho-alt (3), de bheith i dteideal íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora a fháil an 5 Eanáir 2012 nó dá éis.”,

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5B):

“(5C) D’ainneoin fho-alt (5B), aon duine a cháilíonn chun go leanfar den íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora a íoc de réir fho-alt (4) roimh an 5 Eanáir 2012, féadfaidh sé nó sí leanúint den íocaíocht sin a fháil ar feadh an chuid de thréimhse an leanúnachais nach mbeidh caite agus a tharlaíonn an 5 Eanáir 2012 nó dá éis, más rud é—

(a) go leanann an duine cáilithe, le linn an chuid sin gan chaitheamh den tréimhse sin, d’fho-alt (4) a chomhlíonadh, agus

(b) nach faide tréimhse iomlán leanúnachas na híocaíochta sin, de réir fho-alt (4), ná 6 mhí ón dáta a scoirfeadh an duine sin, murach an fo-alt sin, de bheith i dteideal amhlaidh.”.

(2) Tíocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 5 Eanáir 2012.

8.—(1) Leasaítear alt 221 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (arna leasú le halt 5 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2010): Sochar linbh — leasuithe.

“(1) Faoi réir an Achta seo, íocfar le duine cáilithe sochar míosúil—

(a) den mhéid atá leagtha amach i gcolún (2) de Chuid 4 de Sceideal 4 i leith linbh cháilithe dá dtagraítear i gcolún (1) den Chuid sin den Sceideal sin os coinne an mhéid sin le haghaidh aon teidil chun sochair linbh a tharlaíonn i rith na tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2012 agus dar críoch an 31 Nollaig 2012, agus

(b) de €140 i leith gach linbh cháilithe i leith aon teidil chun sochair linbh a tharlaíonn an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.”.

(2) Leasaítear Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an gCuid seo a leanas a chur in ionad Chuid 4 (arna leasú le halt 5 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2010):

“CUID 4

MÉIDEANNA SOCHAIR LINBH I RITH NA TRÉIMHSE
DAR TOSACH AN 1 Eanáir 2012 AGUS DAR CRÍOCH
AN 31 Nollaig 2012

Leanbh cáilithe ar ina leith is infoctha sochar linbh	An ráta míosúil sochair linbh is infoctha in aghaidh an linbh cháilithe i rith na tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2012 agus dar críoch an 31 Nollaig 2012
(1)	(2)
	€
1. Gach duine den chéad 2 leanbh cháilithe	140.00
2. An tríú leanbh cáilithe	148.00
3. Gach leanbh cáilithe de bhreis ar 3 leanbh cháilithe	160.00

”.

(3) Leasaítear alt 221 den Phríomh-Acht trí fho-ailt (3), (4), (5), (6), (7) agus (8) a scríosadh.

(4) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2012.

Éilimh dhéanacha.

9.—(1) Leasaítear alt 241(2) den Phríomh-Acht—

- (a) i mír (a) (arna leasú le halt 26 d’Acht 2010), trí “6 mhí” a chur in ionad “12 mhí”, agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I gcás éilimh ar na nithe seo a leanas—

- (a) pinsean Stáit (idirthréimhse) a dhéantar roimh an 5 Aibreán 2012, nó
- (b) pinsean Stáit (ranníocach), pinsean baintrí (ranníocach), pinsean baintrí fir (ranníocach), pinsean páirtnéara shibhialta mharthanaigh (ranníocach) agus íocaíocht caomhnóra (ranníocach) is éileamh a dhéantar roimh an 6 Aibreán 2012,

léifear fo-alt (2)(a) amhail is dá gcuirfí ‘12 mhí’ in ionad ‘6 mhí’.”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh—

- (a) a mhéid a bhaineann sé le pinsean Stáit (idirthréimhse), an 5 Aibreán 2012, agus
- (b) a mhéid a bhaineann sé le pinsean Stáit (ranníocach), pinsean baintrí (ranníocach), pinsean baintrí fir (ranníocach), pinsean páirtnéara shibhialta mharthanaigh

(ranníocach) agus íocaíocht caomhnóra (ranníocach), an 6 Aibreán 2012.

10.—(1) Leasaítear Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht— Sceideal 3 — leasuithe.

(a) i gCuid 2, i Riail 1(9) (arna leasú le halt 26 d’Acht 2010)—

(i) i bhfomhír (b)(ii)(I), trí “€127” a chur in ionad “€254”,

(ii) i bhfomhír (b)(ii)(II), trí “€190.50” a chur in ionad “€381”, agus

(iii) trí “85 faoin gcéad” a chur in ionad “70 faoin gcéad”,

(b) i gCuid 3 (arna leasú le halt 24 den Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2006) trí Riail 1(2)(b)(ix) a scriosadh, agus

(c) i dTábla 2 trí mhír 9 a scriosadh.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2012.

11.—(1) Leasaítear Cuid 5 de Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht i Riail 1(4) (arna leasú le halt 8 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2008) trí na fomhíreanna seo a leanas a chur in ionad fhomhír (b): Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora — measúnú acmhainne.

“(b) le linn an tuilleamh seachtainiúil a ríomh chun críocha fhomhír (a) d’aon tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2012 nó dá éis ach roimh an 1 Eanáir 2013, déanfar neamhshuim de mhéid €130 mar aon le leath an tuillimh sheachtainiúil de bhreis ar an méid sin,

(c) le linn an tuilleamh seachtainiúil a ríomh chun críocha fhomhír (a) d’aon tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2013 nó dá éis ach roimh an 1 Eanáir 2014, déanfar neamhshuim de mhéid €110 mar aon le leath an tuillimh sheachtainiúil de bhreis ar an méid sin,

(d) le linn an tuilleamh seachtainiúil a ríomh chun críocha fhomhír (a) d’aon tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2014 nó dá éis ach roimh an 1 Eanáir 2015, déanfar neamhshuim de mhéid €90 mar aon le leath an tuillimh sheachtainiúil de bhreis ar an méid sin,

(e) le linn an tuilleamh seachtainiúil a ríomh chun críocha fhomhír (a) d’aon tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2015 nó dá éis ach roimh an 1 Eanáir 2016, déanfar neamhshuim de mhéid €75 mar aon le leath an tuillimh sheachtainiúil de bhreis ar an méid sin, agus

(f) le linn an tuilleamh seachtainiúil a ríomh chun críocha fhomhír (a) d’aon tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2016 nó dá éis, déanfar neamhshuim de mhéid €60 mar aon le leath an tuillimh sheachtainiúil de bhreis ar an méid sin;”

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2012.

Dícháiliú ó
íocaíochtaí áirithe le
linn páirt a
ghlacadh i
bhFostaíocht
Phobail.

12.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 247A (a cuireadh isteach le halt 27 d’Acht 2010):

“Dícháiliú ó
íocaíochtaí
áirithe le linn
páirt a
ghlacadh i
bhFostaíocht
Phobail.

247B.—(1) Dícháileofar duine ó na nithe seo a leanas a fháil—

- (a) aon sochar a shonraítear in alt 39(1), seachas—
 - (i) sochar míthreorach is iníoctha de réir alt 75,
 - (ii) sochar báis mar dheontas i leith costas sochraide,
 - (iii) deontas méala, agus
 - (iv) deontas baintreachais nó páirtnéara shibhialta mharthanaigh,
- (b) méadú, is iníoctha faoi alt 77, ar phinsean míthreorach ar scór éagumais,
- (c) aon chúnamh a shonraítear in alt 139(1), seachas—
 - (i) liúntas leasa forlíontach a mhéid a bhaineann sé le forlíonadh a íoc faoi chomhair an mhéid cíosa is iníoctha ag duine i leith a áite cónaithe nó a háite cónaithe de réir alt 198,
 - (ii) liúntas leasa forlíontach a mhéid a bhaineann sé leis an liúntas sin a íoc de réir alt 200, 201, 202 nó 206, agus
 - (iii) deontas baintreachais nó páirtnéara shibhialta mharthanaigh,
- agus
- (d) liúntas cothabhála i leith galar tógálach,

i rith aon seachtaine nó aon chuid de sheachtain le linn dó nó di a bheith fostaithe faoi scéim arna soláthar ag an Aire agus ar a dtugtar Fostaíocht Phobail.

(2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le duine a fhaigheann aon sochar, aon mhéadú, aon chúnamh nó aon liúntas a shonraítear i míreanna (a) go (d) d’fho-alt (1) le linn dó nó di a bheith fostaithe faoi scéim Fostaíochta Pobail i gcás go dtosaíonn an tréimhse fostaíochta faoin scéim Fostaíochta Pobail sin roimh an 16 Eanáir 2012.”.

(2) Tíocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 16 Eanáir 2012.

13.—(1) Leasaítear alt 2(1) den Phríomh-Acht—

Dliteanas ÁSPC a leathnú go dtí luach saothair scairbhunaithe.

- (a) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “tuilleamh ináirithe” (arna leasú le halt 13 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2010):

“ciallaíonn ‘tuilleamh ináirithe’, faoi réir alt 13(2)(da)—

- (a) i gcás ranníocóra fhostaithe, nach ranníocóir speisialta, díolaíochtaí a fhaightear ó fhostaíocht inárachaithe nó ó fhostaíocht inárachaithe (díobhálacha ceirde) (seachas cibé díolaíochtaí a fhorordófar) lena mbaineann Caibidil 4 de Chuid 42 d’Acht 1997, ach gan aird a thabhairt ar Chaibidil 1 de Chuid 44 den Acht sin, agus

- (b) i gcás ranníocóra speisialta—

- (i) tuarastal, pá nó luach saothair eile lena n-áirítear luach saothair neamhairgid a fhaightear ó fhostaíocht inárachaithe nó ó fhostaíocht inárachaithe (díobhálacha ceirde) lena mbaineann Acht 1997 (seachas Caibidil 4 de Chuid 42) nó lena mbainfeadh an tAcht sin dá mba sa Stát a chónaigh an ranníocóir fostaíthe a fhaigheann an luach saothair, ach gan aird a thabhairt ar Chaibidil 1 de Chuid 44 den Acht sin, agus

- (ii) íocaíochtaí le daoine atá ag freastal ar, nó ag gabháil do, chúrsaí nó scéimeanna a sholáthraíonn nó a cheadaíonn—

(I) An Foras Áiseanna Saothair,

(II) Teagasc, nó

(III) an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, agus

folóidh tuilleamh ináirithe, i gcás ranníocóirí fostaíthe agus ranníocóirí speisialta, luach saothair scairbhunaithe arna réadú, arna fháil nó arna leithreasú, de réir mar a bheidh, an 1 Eanáir 2011 nó dá éis;”,

- (b) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “díolaíochtaí ináirithe” (arna leasú le halt 12 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2010):

“ciallaíonn ‘díolaíochtaí ináirithe’, i ndáil le ranníocóir féinfhostaithe, díolaíochtaí (seachas tuilleamh ináirithe agus aon díolaíochtaí eile a fhorordófar) lena mbaineann Caibidil 4 de Chuid 42 d’Acht 1997 agus folóidh díolaíochtaí ináirithe luach saothair scairbhunaithe arna réadú, arna fháil nó arna leithreasú, de réir mar a bheidh, an 1 Eanáir 2011 nó dá éis;”,

agus

- (c) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘luach saothair scairbhunaithe’—

- (a) aon ghnóchan arna réadú trí cheart a fheidhmiú, a shannadh nó a scaoileadh de réir alt 128 d’Acht 1997,
- (b) i gcás urrús inchomhshóite de réir bhrí alt 128C d’Acht 1997, an méid inmhuirearaithe arna ríomh de réir an ailt sin,
- (c) i gcás scaireanna srianta de réir bhrí alt 128D d’Acht 1997, an méid inmhuirearaithe arna ríomh de réir an ailt sin,
- (d) i gcás scéime brabús-roinnte arna ceadú ag na Coimisinéirí Ioncaim de réir Chuid 2 de Sceideal 11 a ghabhann le hAcht 1997, margadhluach tosaigh na scaireanna leithreasaithe de réir bhrí alt 510(2) den Acht sin, agus
- (e) i gcás scéime scair-rogha coigilteas-choibhneasa arna ceadú ag na Coimisinéirí Ioncaim de réir Sceideal 12A a ghabhann le hAcht 1997, aon ghnóchan arna réadú trí cheart a fheidhmiú de réir alt 519A den Acht sin,

i gcás go ndéantar an gnóchan, an méid inmhuirearaithe, an luach nó an méid sin a réadú, a fháil nó a leithreasú, de réir mar a bheidh, an 1 Eanáir 2011 nó dá éis, ach ní fholóidh luach saothair scair-bhunaithe aon ghnóchan, méid inmhuirearaithe nó méid den sórt sin arna réadú, arna fháil nó arna leithreasú, de réir mar a bheidh—

- (i) le linn na bliana ranníoca dar tosach an 1 Eanáir 2011, i leith scaireanna (lena n-áirítear stoc) is ábhar do chonradh nó do chomhaontú i scríbhinn atá i bhfeidhm roimh an 1 Eanáir 2011, nó
- (ii) i leith scaireanna (lena n-áirítear stoc) arna bhfáil roimh an 1 Eanáir 2011 ag iontaobhas scairúinéireachta d’fhostaithe lena mbaineann alt 519 d’Acht 1997;

ciallaíonn ‘ranníocóir speisialta’ ranníocóir fostaithe—

- (a) a fhaigheann tuilleamh ináirithe dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú ar thuilleamh ináirithe, nó
- (b) lena mbaineann míreanna (a) agus (b) d’alt 13(4A);”.

(2) Leasaítear alt 13(2) den Phríomh-Acht i mír (da) (a cuireadh isteach le halt 13 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2010)—

- (a) i bhfomhír (ii), trí “na Rialacháin Cánach Ioncaim (Fostaíochtaí) (Comhdhlúite), 2001, agus” a chur in ionad “na Rialacháin Cánach Ioncaim (Fostaíochtaí) (Comhdhlúite) 2001.”, agus

(b) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(iii) de mhéid aon luacha saothair scairbhunaithe.”.

(3) Leasaítear alt 13(4) den Phríomh-Acht trí “Faoi réir fho-ailt (4A) agus (4B), beidh an fostóir,” a chur in ionad “Beidh an fostóir,”.

(4) Leasaítear alt 13 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Más rud é—

(a) go ndéanann duine gnóchan a réadú trí cheart a fheidhmiú, a shannadh nó a scaoileadh, de réir mar a bheidh, de réir alt 128 nó alt 519A d’Acht 1997, agus

(b) tráth an gnóchan sin a réadú go bhfuil an duine sin tar éis scor de bheith ina fhostaí nó ina fostaí de chuid an fhostóra a dheonaigh an ceart sin,

ní bheidh feidhm ag alt (4)—

(i) maidir leis an bhfostóir a dheonaigh an ceart sin, ná

(ii) má tá an duine sin fostaithe ag fostóir eile an tráth a dhéantar an gnóchan a réadú, a fháil nó a leithreasú, de réir mar a bheidh, maidir leis an bhfostóir eile sin.

(4B) Maidir le duine lena mbaineann míreanna (a) agus (b) d’fho-alt (4A)—

(a) measfar gur ranníocóir fostaithe é nó í, i gcás nach bhfuil an duine sin, ar 16 bliana d’aois a shlánú agus gan aois inphinsin a bheith slánaithe aige nó aige, fostaithe a thuilleadh i bhfostaíocht a shonraítear i gCuid 1 de Sceideal 1, nach fostaíocht a shonraítear i gCuid 2 den Sceideal sin, agus

(b) dlífeair air nó uirthi ranníocaí a íoc, ar an tslí fhorordaithe, de réir alt 13(2)(b) i leith an ghnóchain arna réadú amhlaidh.”.

(5) Leasaítear alt 17 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (f):

“(fa) ranníocóirí fostaithe lena mbaineann alt 13(4B) do thabhairt tuairisceán i ndáil le ranníocaí fostaíochta agus luach saothair scairbhunaithe,”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) Chun críocha na Coda seo, féadfar le rialacháin a cheangal ar fhostóirí aon taifid a choimeád a fhorordófar i ndáil le cearta chun scaireanna (lena n-áirítear stoc) a

dheonaigh an fostóir sin dá chuid stiúrthóirí, iarstiúrthóirí, fostaithe agus iarfhostaithe nó dá chuid stiúrthóirí, iarstiúrthóirí, fostaithe agus iarfhostaithe agus i ndáil leis na tréimhsí ar lena linn a bhí na daoine sin fostaithe, agus na taifid sin a choinneáil go ceann tréimhsí forordaithe.”.

(6) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 34:

“Ranníocaí a thabhairt ar ais – luach saothair scairbhunaithe. 34A.—(1) Féadfaidh an tAire, faoi réir aon choinníollacha, srianta agus asbhaintí, aon ranníocaí a thabhairt ar ais—

(a) a íocadh de réir alt 13(2)(b)—

(i) de bhua chláisail (I) go (VI) de mhíreanna (a) agus (b) den mhíniú ar ‘tuilleamh ináirithe’ atá in Airteagal 3 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht), 1996 (I.R. Uimh. 312 de 1996) (a cuireadh isteach le hAirteagal 4 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht) (Leasú), 2010 (I.R. Uimh. 684 de 2010)), i leith aon ghnóchain, méid inmhuirearaithe, luacha nó méid arna réadú, arna fháil nó arna leithreasú, de réir mar a bheidh, le linn na bliana ranníoca dar tosach an 1 Eanáir 2011 agus is ábhar do chonradh nó do chomhaontú i scríbhinn atá i bhfeidhm roimh an 1 Eanáir 2011, nó

(ii) i leith luacha saothair scairbhunaithe arna fháil mar scaireanna infhorghéillte dá dtagraíonn alt 128E d’Acht 1997, i gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (6) den alt sin,

agus

(b) a íocadh de réir alt 13(2)(d), de bhua chláisail (I) go (VI) de mhíreanna (a) agus (b) den mhíniú ar ‘tuilleamh ináirithe’ atá in Airteagal 3 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht), 1996 (I.R. Uimh. 312 de 1996) (a cuireadh isteach le hAirteagal 4 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht) (Leasú), 2010 (I.R. Uimh. 684 de 2010)).

(2) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar foráil go ndéanfaí, faoi réir aon choinníollacha, srianta agus asbhaintí a shonrófar sna rialacháin, na ranníocaí dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a thabhairt ar ais do ranníocóir fostaithe

agus d'fhostóir ranníocóra fhostaithe, de réir mar a bheidh, agus féadfar a áireamh i rialacháin den sórt sin—

- (a) an nós imeachta a fhorordú le haghaidh iarratais ar nithe den sórt sin a thabhairt ar ais, agus
- (b) an nós imeachta a fhorordú le haghaidh nithe den sórt sin a thabhairt ar ais ar bhás ranníocóra fhostaithe.”.

(7) Leasaítear alt 250 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Beidh an chumhacht ag cigire leasa shóisialaigh—

- (a) chun freagra nó soiléiriú a thabhairt ar aon cheisteanna a bheidh ag an gcigire leasa shóisialaigh i ndáil le ranníocóirí fostaíthe d'íoc ranníocaí fostaíochta chun críocha alt 13(4B), agus
- (b) chun an méid atá dlite a mheas i leith ranníocaí fostaíochta ó ranníocóirí fostaíthe chun críocha alt 13(4B),

a iarraidh go ndéanfaidh an ranníocóir fostaíthe sin—

- (i) gach taifead ar luach saothair scairbhunaithe arna réadú, arna fháil nó arna leithreasú, de réir mar a bheidh, ag an ranníocóir fostaíthe sin a thabhairt ar aird lena iniúchadh, agus
- (ii) mionsonraí a sholáthar i dtaobh an fhostóra a dheonaigh na scaireanna (lena n-áirítear stoc) ba bhun leis an luach saothair scairbhunaithe sin,

ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ag oifig de chuid an Aire.”.

(8) Leasaítear alt 252 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Aon ranníocóir fostaíthe lena mbaineann alt 13(4B)—

- (a) a mhainneoidh aon ranníoc fostaíochta a íoc ag am forordaithe nó laistigh d'am forordaithe a dhlífidh sé nó sí a íoc faoi Chuid 2, nó
- (b) d'fhonn méid a dhliteanais nó a dliteanais i leith ranníocaí fostaíochta a dhlífidh sé nó sí a íoc faoi Chuid 2, agus nach mbeidh íochta aige nó aici, a imghabháil nó a laghdú—
 - (i) a dhéanfaidh go feasach aon ráiteas nó uiríoll (scríofa nó ó bhéal) is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha, nó a cheilfidh go feasach aon fhíoras ábhartha, nó
 - (ii) a thabharfaidh ar aird nó a sholáthróidh, nó a chuirfidh faoi deara nó a cheadóidh go feasach go dtabharfar ar aird nó go soláthrófar, aon

doiciméad nó faisnéis is eol dó nó di a bheith
bréagach i bponc ábhartha,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.”.

Deireadh a chur le
faoiseamh ÁSPC
fostóra ar ranníocaí
pinsin fostaí.

14.—(1) Leasaítear alt 13(2) den Phríomh-Acht i mír (*da*) (arna
leasú le *halt 13*) trí fhomhír (ii) a scriosadh.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2012.

CUID 3

LEASUITHE AR AN ACHT UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA, 1967

Leasú ar alt 29 den
Acht um
Íocaíochtaí
Iomarcaíochta,
1967.

15.—(1) Leasaítear alt 29 den Acht um Íocaíochtaí
Iomarcaíochta, 1967 (arna leasú le *halt 6* den Acht um Íocaíochtaí
Iomarcaíochta, 1979)—

(a) i bhfo-alt (1), trí “15 faoin gcéad” a chur in ionad “60
faoin gcéad”,

(b) i bhfo-alt (2), trí “5 faoin gcéad” a chur in ionad “40 faoin
gcéad”, agus

(c) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt
(3):

“(4) I gcás go n-éileoidh fostóir lacáiste an 1 Eanáir
2012 nó dá éis i leith íocaíochta cnapshuime a íoctar le
fostaí faoi alt 19 agus gur roimh an 1 Eanáir 2012 a
tharlóidh dáta an bhriste mar gheall ar iomarcaíocht, dá
dtagraítear in alt 19—

(a) léifear fo-alt (1) amhail is dá gcuirfí ‘60 faoin
gcéad’ in ionad ‘15 faoin gcéad’, agus

(b) léifear fo-alt (2) amhail is dá gcuirfí ‘40 faoin
gcéad’ in ionad ‘5 faoin gcéad’.

(5) I gcás go n-éileoidh fostóir lacáiste an 1 Eanáir 2012
nó dá éis i leith íocaíochta cnapshuime a íoctar le fostaí
faoi alt 19 i leith fostaí lena mbaineann alt 12 agus go
dtarlóidh—

(a) dáta an fhógra go bhfuiltear chun éileamh a
dhéanamh, dá dtagraítear in alt 12(1)(b), nó

(b) dáta foirceanta chonradh fostaíochta an fhostaí
lena mbaineann, dá dtagraítear in alt 12(2),

roimh an 1 Eanáir 2012—

(i) léifear fo-alt (1) amhail is dá gcuirfí ‘60 faoin
gcéad’ in ionad ‘15 faoin gcéad’, agus

(ii) léifear fo-alt (2) amhail is dá gcuirfí ‘40 faoin
gcéad’ in ionad ‘15 faoin gcéad’.”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2012.